ACAILL

Cúis bróin insan ċeantar gur éag Proinnsias Mac Aoḋa, Du-górt, in aois a 85 bliana. Go otí tá cúpla bliain, ḃí aiṫne ṁaiṫ air ar na h-aontaí ar fud Ṁuigeo Ṫiar. Níṫear comḃrón lena ċlann mac Pádraic agus Seán, agus a iníonaċa, Bríd Bean Uí Ċaṫáin, Dúgort. agus a ḋearṫáir, Peadar, in Dún Inḃir. Ba é sean aṫair Seacaí Mac Aoḋa, an peil-eadóir clúiteaċ do Acaill é. Ċuaig an soċraid go reilig Sliaḃ Mór, Dé Máirt, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ.

Comġáirdeas le Pádraic Mac Cillbán, B.A., Springbale, atá ceapaiṫe ar foireann teagaisc Coláiste Naoṁ Seosaiṁ, Ros Cré. Ḃí sé na ċaiptín ar foir-eann soisear Acaill, a ḃuaig craoḃ Ṁuigeo.

Ḃí aonaċ Gob a' Ċoire Dé hAoine. ar an ceann ba lú a raiḃ eallaċ agus stoc ann le fada an lá. Tá i ḃfad níos lú eallaċ agus beiṫí de ċuid le ċineál ar an oileán le roinnt blianta, agus níos mó den talaṁ ag imeaċt bán.

Ḃí stoirm millteanaċ ar fud an oileáin an tseaċtain seo caite agus tuillteaċa na ḋiaiḋ, aċ níor dearnaḋ mórán damáiste.

Cuireaḋ siar an cluiċe peile idir Béal an Ṁuirṫid agus Ac-aill, de ḃárr an droċ aimsir, Dé Doṁnaig.

Cúis bróin sa gceantar, bás Máiréad Bean Uí Ċillbáin, as Duḃ Éaga, in aois a 90 bliain. Tugaḋ an corp go Séipéal Duḃ Éga, tráṫnóna Dé hAoine, agus ċuaig an tsoċráid ó sin go reilig Cill Damnait ar an Saṫairn tar-éis Aifreann Solúnta na Marḃ. Níṫear comḃrón le Míċeál, con-raṫóir, i Londain, Eoin, Máirtín agus Antoine, agus a iníonaċa, Bean Uí Ṁáille, agus Bean Uí Ċillcaḋáin, agus a ḋearṫáir, Eoin Cillbán, Sraiṫín.

Ba ṫrua an taisme a ṫárla do Máirtín Ó Máille, óganaċ 16 bliain d'aois as Tóin Ré Gaoṫ, nuair a ḃriseaḋ a ċos in dá áit, nuair a ṡleaṁain sé agus ṫit sé, i mbealaċ tarraicaire a ḃí ag taḃairt móin aḃaile. Tugaḋ go dtí an Ospidéal Condae é, ⁊ tá sé ag dul ar aġaiḋ go breá ansin.

LUAĊ ARD NA SLATA MARA

Le coicís anuas, tá ionadaí ó Aramara Teo. indiaiḋ cuairt a ṫaḃairt ar fud cósta Ḋún na nGall, ag iarraiḋ slata mara ⁊ feamainn. Tá an praġas is áirde a tugaḋ ariaṁ go fóill — £10 an tonna dá ṫairiscint fá ċoinne na slata mara seo, agus tá luċt an ċladaí ag súil le saoṫrú maiṫ a ḋéanaṁ an Geiṁreaḋ seo ag bailiú slata mara. Tá Ara-mara ag baint úsáid as cuid mór mór acu seo ag an ṁonarcan atá acu i gCill Ċiaráin, Carna.

Coṁ maiṫ leis sin, tá a lán eile monarcain ann ag déanaṁ próiséisiú ar feamainn agus slata mara, ó Co. an Ċláir suas go Co. Ṡligiġ. Cad ċuige naċ ḃfuil ceann acu i nDún na nGall. Sin ceist? Ḃí tráċt uair ar ceann a ċur ar bun in aice leis an Ċloċán Liaṫ, aċ níl caint ar biṫ ar anois.

Céard a ṫárla dó?

ÁRD A' RÁṪ

Tá Alphonsus Bennet, Bun an Ċnuic, Árd a' Ráṫa, tar n-ais indiaiḋ 6 ṁí a ċaiṫeaṁ mar oib-rí speisialta taispeána ag Aon-aċ an Doṁain, i Nua Eaḃraċ, áit ar taisteáin sé, agus a dtug sé léiriú ar an dóiġ a ndéantar bainín na hÉireann, ag Gael-tarra Éireann. Tá sé ag obair le blianta do Ġaeltarra Éireann ag an Mart, in Árd a' Ráṫa.

Coṁġáirdeaċas le Bean P. Uí Gallċoḃair, Árd Conaill, Árd a' Ráṫa, a ceapaḋ mar cúntóir in Scoil Náisiúnta Cloċ Ḃárr, Port Nua. As Rann na Feirste í, agus cainteoir dúċais Gaeilge í.

Coṁġáirdeaċas le Nioclás Ma' Ġiolla, F.R.S.A.I., iar-O.S. agus Bean Ṁic Giolla, Árd a' Ráṫa, a ġnóṫaig céim B.Agr.Sc., ag Coláiste Ollscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ḃí sé ar scoil i Scoil Ṁuire Gan Smál, agus i gColáis-te Aḋaṁnáin, Leitir Ceanainn. Fuair sé scoláireaċt Gaeltaċta go Coláiste Iolscoile na Gaill-iṁe agus na ḋiaiḋ sin go Col-áiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Imríonn sé le foireann peile Árd a' Ráṫa.

AN ROINN TALṀAÍOĊTA AGUS IASCAIĠ

TEAĊ GLOINE LE DÍOL

Iarrtar tairiscintí ar teaċ gloine (toisí 72' x 15') i Mín a' Liaig, Gort a' Ċoirce, Co. Ḋún na nGall, a ċeannaċ. Creatlaċ aḋmaid atá sa teaċ agus é tóg-ṫa ar ḃonnḃallaí stroiġne. Díol-far an teaċ gloine mar atá sé agus beiḋ an ceannaiṫeoir freag-raċ maidir lena ḋíġaḃáil agus a ḃreiṫ ċun siúil agus maidir leis an láiṫreán a ġlanaḋ.

Féadfar an teaċ a iniúċaḋ aċ socrú a ḋéanaṁ roiṁ ré le Proinnsias Ó Curráin, Mín a' Liaig, Gort a' Ċoirce, Co. Ḋún na nGall, nó leis an Oifigeaċ-i-gCeannas, Stáisiún na dTiṫe Gloine, Gort a' Ċoirce, Leitir Ceanainn, Co. Ḋún na nGall (Gután: Fál Carraċ 12).

Is cóir gaċ tairiscint a ṡeolaḋ go dtí an Roinn Talṁaíoċta agus Iascaig, Baile Áṫa Cliaṫ, 2, i gclúdaċ séalaiṫe a mbeiḋ "Tair-iscint i leiṫ Tí Gloine (R.23-3)" scríofa air agus ní mór í beiṫ in oifigí na Roinne seo ag 5 p.m. ar 22 Samain, 1965, ar a ḋeirean-naí. Ní ḃeiḋ aon ċeangal ar an Aire glacaḋ leis an tairiscint is mó nó le tairiscint ar biṫ.
29 Deireaḋ Fóṁair, 1965.

GLEANN COLMCILLE

Tá gimnasiúm curṫa ar bun i nGleann Colmcille, agus tá idir buaċaillí agus cailíní ag dul is-teaċ go láidir ar cúrsaí gleaca-íoċta anois. An tAṫair Mac Duiḃir, S.C., a ċur an club glea-caíoċt ar bun, le caiṫeaṁ-aim-sire ciallṁar a ċur ar fáil don poḃal óg. Ċuir sé aċaine ċuig Coimisinéir na nGárdaí, gárda a ċur go dtí an ceantar, a ḃeaḋ ábálta corp-oiliúint a ṫeagasc. Ġéill an Coimisinéir don aċaine, agus cuireaḋ an Gárda S. Mac a' Ḃáird, a ċaiṫ tréiṁse in Ár-ainn Ṁór, agus in Ailt an Ċor-ráin, go dtí an ceantar. As Na Cruaċa dó, agus tá sé anois ina ṫeagascóir leis an Club Gleaca-íoċta i nGleann Colmcille. Ḃí sé na ḃall de Ċumann Dornála-íoċta na Rosann, agus ḃí clú air i gcúrsaí dornálaíoċta i Leitir Ceanainn. Tá sé na ḃall de Ċumann Stiúrṫa na Dornál-aíoċta i nDún na nGall. Bíonn dá seisiún teagaisc aige gaċ seaċtain, ceann do na buaċaillí agus rang aṁáin do na cailíní. Tá timpeall 40 cláraiṫe mar cláraiṫe mar ḃaill don Ċlub. ⁊ iad ag cur an spéis ar fad ann.

Ḃí stoirm millteanaċ ar fad i nGleann Colmcille Dé Doṁ-naiġ agus Dé Luain. Leagaḋ sclátai de na tiṫe aċan áit a ḃí lom, agus rinneaḋ doċar do cuid ṁaiṫ tiṫe. Ṫeip ar an leictreaċ-as i gcuid ṁaiṫ den ċeantar, go h-áiṫrid san taoḃ ṫoir de Gain-eaṁ, agus fágaḋ gan leictreaċ-as iad ar feaḋ tráṫnóna Dé Doṁnaiġ agus go dtí mall oíċe Ḋoṁnaiġ nuair a cuireaḋ arais é. Ḃí sé anuas an oíċe sin arís leis an ġaoṫ ṁór. agus ní ḃfuair siad arais é go dtí an iarnóin Dé Luain.

Ḃí cruinniú de craoḃ Ḃantraċt na Tuaiṫe i nGleann Colmcille ⁊ socraíoḋ clár oibre an ġeiṁriḋ a ċur ar siúl. Máire Bean Uí Ċuinneagáin, Caiseal, Rúnaí an Ċumainn.

Fá ḋeireaḋ indiaiḋ ceann dena séasúir Fóṁair is measa i gcuiṁ-ne na ndaoine, d'éiriġ le bunú Ġleannċolmcille an féar agus an coirce uiliġ a ḟáil sáḃáilte ⁊ tá na cruaċa uiliġ déanta. Tá na feirmeoirí ag obair anois ag baint na bpréataí, agus cuma orṫa go mbeiḋ siad maiṫ.

Ċuir an stoirm agus na gálaí gaoiṫe deireaḋ tobann le séas-úr an sligéisc ar ċósta Ġleann-colmcille, agus taoḃ ṫeas Ḋún na nGall.

Foireann peile na nGleann-taí a ḃí ag imirt i gcoinniḃ foireann Naoiṁ Iosep (Bundoráin - Béal Áṫa Seanaiġ) sa gcomórtas sinn-searach conndae (peil) ag Páirc Seán Ṁic Cuṁaill, Baile-Bó-Feiṫ Dia Doṁ-naiġ seo caite. An scór: Na Gleanntaí 0-10; Naoṁ Iosep 1-7.

BEIḊ CLUIĊE CRUA LE DOIRE

Seans Deiriḋ Tírċonaill i mBaile na Scríne

Ag Páirc Uí Doṁnaill, Litir Ceanainn, ḃuaig Tír Eoġ-an ar Tír Ċonaill le pointe aṁáin i gCorn Doċt-úir Lagáin, agus ġnóṫaig siad an dá pointe fá ċoinne an ċluiċe sin.

Níor ċaill Dún na nGall aċ le pointe aṁáin—1-10 le Ṫír Eoġain i gcoinne 1-9 do Ḋún na nGall.

Trí huaire ar a laiġead ċaill fuireann Ḋún na nGall an ċluiċe iad féin tré gan úsáid a ḃaint as caoi a ḃí aca.

Aċ ní sin le rá naċ ḃfuil foir-eann maiṫ ag Tír Eoġain. Ḃí fuinneaṁ, agus cur ċun tosaiġ iontu agus fonn orṫu ċun bua. Ṫuill siad an ḃuaiḋ. Is aisteaċ an rud é gur ċaill Dún na nGall ina n-ionad féin agus le neart a gcuid tacadóirí féin ar a gcúl. Ḃuaig foireann Ḋún na nGall ⁊ gan aċ seisear den príoṁ ḟoir-inn ar an páirc ar Tír Eoġain ag Fintona tá cúpla seaċtain ó ṡoin agus ḃí an foireann céanna aċ duine aṁáin. B'é tuairim gaċ duine roiṁ an cluiċe go mbeaḋ Dún na nGall i ḃfad ró ṫrom do Ṫír Eoġain agus ḃí cuma air go raiḃ an tuairim sin ag coṁairle-oirí Tír Ċonaill agus ag foir-eann Ṫír Ċonaill fosta, agus ba é sin an rud a d'ḟág ṫíos iad.

Ní bréag a rá nó gur baineaḋ preab ní hé aṁáin as Tír Ċon-aill idir foireann agus coṁair-leoirí agus an Bord aċ an luċt féaċana go léir nuair a ċonaic siad go raiḃ an ḃuaiḋ le Tír Eoġan. B'é foireann Dún na nGall: Séamas De hÓr, Aoḋ Mac Treaḃair, Brian Ó Bráḋaiġ (captaen), Pól Ó Ceallaiġ, Seán Ó Doṁnaill, P. S. Ó Maolṫuile, Éamonn Mac Loċlainn, Seán Ferriter, Austin Ó Cearḃaill, Míċeál Mac Giolla Uain, Pád-raig Mac Sé, Míċeál Ó Gríofa, Deasṁuṁan Ó hUallaċáin, Seán Ó hAnnagáin agus P. MacNelis. Liam Mac Guiḋir as Muineaċáin a ḃí mar ṁoltóir agus ní féidir a rá naċ dtug sé coṫrom na féinne do gaċ taoḃ.

Tá seans ag Tír Ċonaill fós cé naċ mór é. Tá dá pointe acu ins an léig agus beiḋ siad ag imirt in eadan Doire ag Baile na Scríne an Doṁnaċ seo ċug-ainn, an 14ú Saṁain. Má ḃain-eann siad beiḋ seans fós acu — ag braṫ ar mar téid na cluiċí eile. Má ċailleann siad béiḋ siad as Corn Dr. Lagan i mbliana.

Beiḋ cluiċe crua ann nó tá bua na mionúr ina spreagaḋ mór do Ḋoire le dul ar aġaiḋ sa ċom-órtas seo mar ullṁú don ḃliain seo ċugainn.

Tá buntáiste aṁáin ag Tír-ċonaill le Tír Eoġain buailte ag Fearmonaċ ba leor dóiḃ a ḃeiṫ coṫrom féin leis an dara seans a fáil.

NUACHT AS NA DUNAIBH

Ḃí na scórṫa i láṫair Dé Ceadaoin s' ċuaig ṫart le linn imearṫa ċluiċe-dúláin gailf ar ṁaċaire-gailf, Ros na mBeann (Rosapenna) idir ceaṫrar de tógáil na háite mar ḃí—MainDí Ó Gallċóir as (Meiriceá), agus Peatsaí Ṁac Laifeartaiġ (as Londain) in éadan Ṗádraig De Baois (Carraig Airt) agus Ruairí Ó Gallċóir (Doire 'Ċas-áin) — an ḃeirt is mó cáil sa ċontae mar seaimpíní insan sraiṫ-ċomórtas gailf i dTír Ċonaill. Aċ ba iad an ċéad ḃeirt —Maindí agus Peatsaí, a raiḃ an ḃua leo—a 4 agus a 3!

Coṁġáirdeas le Enda Mac a' Ḃáird, as na Dúnaiḃ. a ḃí le cúpla bliain ina ṗríoṁoide, fá ṁórċliú, ar an scoil nua ṫrír-oidí i nDuiḃlinn Riaċ na Maoile Rua. Tá sé féin agus a bean agus a ṫeaġlaċ indiaiḋ aistriú - cónaiṫe a ḋéanaṁ suas go Dún Dealgan, an áit a ḃfuil ardú-céime faiġte aige mar ṁúinteoir —idirṁeánaċ i gColáiste De La Salle ar an ḃaile-mór sin.

Ḃí an t-am ann, agus ní i ḃfad uiliġ ó ṡin é, nuair a d'ḟéadfaí asal ḃreá a ċeannaċ ar ċúpla punt. Aċ d'imiġ siúd agus ṫáiniġ seo — fuarṫas coṁ hard le £14 ar ċuid de na hainṁiṫe seo ar aonaċ Ḃaile na nGallóglaċ (Milford) ar an tseaċtain s' ċuaig ṫart. Ceannaiṫeoir as an Ḟalċarraċ a ṫug leis siar na déaga de na beiṫiġ soṫógṫa cos-daingne seo — fá ċoinne oibre istiġ i dToraí agus ar ċuid de na hoileáin eile, a ḃfuil an sean nós treafa sin i ḃfeiḋm go fóill iontu.

Sa ḃaile i nDoire Ċasáin ag a máṫair agus ag a ḋearṫáir, Seán Ṁ. N. Mac Ġiolla Ḃríde, ċaiṫ ina gcuideaċtain as Londain — Róis, Máirín, Seán agus Glória. Ṫiṫear dóiḃ go ḃfuil daonra na paráiste ag laġdú aċ dóiġ níos fearr ar an ṁuintir a ṡeas an fód.

Proinsias Bean Ṁic Ċruitsleo ⁊ a fear-céile, Anraoi, coicís fá Ṡaṁain — den ċéad uair le deiċ mbliana. Ḃí a dtriúr de ṫeaġlaċ